RÚN (AE) 2022/1712 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn X — an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn X — an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0065/2022),

A. de bhrí go bhfuil an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) freagrach as caiteachas riaracháin a Ceanncheathrú sa Bhruiséil a bhainistiú agus as an líonra de 144 thoscaireacht agus oifigí;

B. de bhrí go ndearnadh freagracht SEGS a leathnú chun bainistiú riaracháin fhoireann an Choimisiúin sna toscaireachtaí a chumhdach trí shraith Shocruithe ar Leibhéal Seirbhíse (SLAnna);

C. de bhrí gurb é an ról atá ag na toscaireachtaí ná ionadaíocht a dhéanamh ar an Aontas agus ar a shaoránaigh ar fud an domhain trí líonraí agus trí chomhpháirtíochtaí a fhorbairt, agus luachanna agus leasanna an Aontais a chur chun cinn;

D. de bhrí gurb ionann fós saintréithiúlacht SEGS ina nádúr agus ina thionscnamh, amhail a bhí nuair a bunaíodh é trí bhaill foirne a chumasc le ranna caidrimh sheachtraigh na Comhairle agus an Choimisiúin Eorpaigh, ina ndearnadh taidhleoirí ó na Ballstáit a chomhtháthú;

E. de bhrí, faoi Rialacha Inmheánacha SEGS, go ngníomhaíonn Ard-Rúnaí SEGS mar oifigeach údarúcháin trí tharmligean don institiúid agus go bhfuil ról an phríomhoifigigh údarúcháin trí fhotharmligean ag an Ard-Stiúrthóir um bainistiú acmhainní;

F. de bhrí go bhfuil cur chun feidhme an bhuiséid faoi rialú ag an Rialachán Airgeadais agus ag na Rialacha Inmheánacha maidir le cur chun feidhme Bhuiséad SEGS;

1. ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, nár aimsigh an Chúirt Iniúchóirí (an "Chúirt") aon laigí suntasacha i ndáil leis na hábhair iniúchta a bhaineann le hacmhainní daonna agus soláthar do SEGS;

2. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais ar acmhainní daonna a chur chun feidhme,

3. ag cur béim ar an bhfíoras gur tháinig an Chúirt ar an tátal, ar bhonn a hoibre iniúchóireachta, go raibh na híocaíochtaí ina n-iomláine do chaiteachas riaracháin na n-institúidí, lena n-áirítear SEGS, don bhliain airgeadais 2020 saor ó earráid ábhartha;

4. á chur in iúl gur geal léi nár bhraith an Chúirt aon saincheist shonrach maidir le rialtacht na n-idirbheart;

5. á chur in iúl gurb eol di go bhfuil Caibidil 9 "Riarachán" de Thuarascáil Bhliantúil na Cúirte dírithe ar chaiteachas ar acmhainní daonna, ar fhoirgnimh, ar threalamh, ar fhuinneamh, ar chumarsáid agus ar an teicneolaíocht faisnéise agus go léiríonn an Chúirt go bhfuil riosca íseal ag baint le caiteachas den sórt sin;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

6. ag tabhairt dá haire gur EUR 731 000 000 a bhí i mbuiséad SEGS do 2020 (ardú 5,2 % i gcomparáid le EUR 694 800 000 a bhí i mbuiséad 2019), arna dháileadh mar seo a leanas: EUR 276 300 000 don Cheanncheathrú agus 454 700 000 do na toscaireachtaí; ag tabhairt faoi deara, i dteannta a buiséid féin, go ndearna SEGS úsáid a bhaint as suim EUR 212 400 000 (lena n-áirítear ioncaim shannta agus suimeanna a tugadh anonn) a fuarthas ón gCoimisiún chun costais riaracháin a ball foirne atá ag obair sna toscaireachtaí a chumhdach;

7. ag tabhairt dá haire, ar fud an domhain le linn 2020 go ndearna SEGS EUR 934 400 000 a ghealladh (90 % den bhuiséad a bhí ar fáil don bhliain) agus b'ionann agus EUR 919 200 000 na híocaíochtaí a cuireadh i gcrích ina n-iomláine (79 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil);

8. ag tabhairt dá haire go bhfuil na méideanna breise formheasta curtha i leataobh chun maoiniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta i gcoinne na bréagaisnéise, an tslándáil sna toscaireachtaí agus sa Cheanncheathrú a neartú, infheistíocht a dhéanamh sa chibearshlándáil, oifigigh a chur in ionad roinnt saineolaithe náisiúnta atá saor ó chostas, an stipinn d'oiliúnaithe sna toscaireachtaí a ardú, lena neartaítear struchtúir an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), agus roinnt treisithe de na ranna geografacha sna príomhréimsí tosaíochta;

9. ag tabhairt dá haire, ar an iomlán, go ndearnadh 95,0 % i ngealltanais agus 82,3 % in íocaíochtaí de bhuiséad críochnaitheach SEGS do 2020 a chur i gcrích, laghdú ó 99,94 % i ngealltanais agus 87,9 % in íocaíochtaí in 2019;

10. ag tabhairt dá haire go léirítear figiúr domhanda de 200 913 íocaíocht curtha i gcrích leis na híocaíochtaí a rinne SEGS sa Cheanncheathrú agus sna toscaireachtaí in 2020 (10 851 ag an gCeanncheathrú agus 190 062 ag na toscaireachtaí), laghdú ón bhfigiúr de 252 508 íocaíocht in 2019; á chur in iúl go dtuigeann sí gurb é fionraí roinnt gníomhaíochtaí i ngeall ar COVID-19 is siocair leis an laghdú(– 20%), go háirithe taisteal agus imeachtaí ionadaíocha; ag tabhairt dá haire gurbh ionann íocaíochtaí SEGS in 2020 agus 8,9 % de bhuiséad an Aontais;

11. ag tabhairt dá haire an gá atá le cur chuige níos solúbtha a bheith ann maidir leis na gníomhairí atá údaraithe chun idirghabháil a dhéanamh i sreafaí oibre airgeadais na n-institiúidí sna toscaireachtaí a rinne SEGS a chur in iúl, ar mhaithe le leanúnachas iomlán gnó a áirithiú agus an úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as na hacmhainní daonna atá ar fáil sna toscaireachtaí; á chur in iúl gurb eol di gur glacadh leasuithe sa chiall sin san athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais (go háirithe na diúscairtí nua in Airteagal 60, míreanna (2) agus (3); ag tabhairt faoi deara go bhfuil gá le leibhéal níos airde solúbthachta, gan na ceanglais maidir le rialú ar an scagchuaird airgeadais a lagú; á athdhearbhú gur cheart don Cheanncheathrú dlúthfhaireachán a dhéanamh ar aon socrú solúbthachta, eadhon an fhéidearthacht do leaschinn na dtoscaireachtaí gníomhú mar oifigigh údarúcháin trí fhotharmligean;

12. ag tabhairt dá haire go bhfaigheann gach toscaireacht a buiséad féin agus go ndéanann siad é a chur chun feidhme, a bhfuil beartaithe leis a gcuid oibríochtaí riaracháin agus foireann SEGS agus an Choimisiúin a chumhdach; á chur in iúl gurb eol di gur féidir íocaíochtaí a dhéanamh ar an leibhéal lárnach nó ar an leibhéal áitiúil faoi seach, faoi fhreagracht Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid sa Choimisiún (AS BUDG) nó na toscaireachta;

13. á chur in iúl go dtuigeann sí go méadaítear ar chastacht bhainistiú bhuiséad SEGS le líon na línte buiséid a mbaintear úsáid astu chun maoiniú a dhéanamh ar na hoibríochtaí a bhaineann le foireann an Choimisiúin sna toscaireachtaí, i. e. 32 líne éagsúla a thionscnaítear faoi cheannteidil éagsúla bhuiséad an Choimisiúin agus na gCistí Iontaobhais; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil simpliú agus athghrúpáil déanta ag SEGS ar na cistí sin ina bhuiséad féin ó 2021 i leith; á chur i bhfios ina leith sin gur gá do SEGS leanúint dá chuid iarrachtaí agus á chur in iúl go dtacaíonn sí le SEGS agus leis an gCoimisiún sa phlé leanúnach atá ar bun acu faoin gcaoi ar féidir tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh;

14. á chur in iúl gur geal léi, tar éis an bhirt "Nuálaíocht 2019" a chur i gcrích, lena ndírítear ar chothú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus ar phróisis a shimpliú agus a nuachóiriú, gur seoladh roinnt gníomhaíochtaí in 2020, go háirithe lárú na nglaonna ardluacha ar thairiscintí, na bhfeidhmeanna státchiste agus íocaíocht na dteidlíochtaí aonair; ag tabhairt dá haire, in 2020, go ndearnadh roinnt oibríochtaí, go háirithe maidir le cúrsaí réamhdhámhachtana do na nósanna imeachta soláthair uile, a lárú ar bhonn méadaitheach ar leibhéal na Ceanncheathrún chun feabhas a chur ar cháilíocht na nósanna imeachta soláthair agus ualach oibre na dtoscaireachtaí a mhaolú; ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di go bhfuiltear ag dréim leis an lárú iomlán le linn na bliana 2022; ag tacú leis an measúnú ar an ualach oibre atá beartaithe ar thoscaireachtaí in 2022 mar shásra athbhreithnithe iomchuí chun cabhrú le hacmhainní agus gnéithe eagraíochtúla líonra na dtoscaireachtaí a chur in ord tosaíochta;

15. ag tabhairt dá haire go ndearnadh an coigilteas is mó i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 ar na línte buiséid do (i) thuarastail agus liúntais sa Cheanncheathrú agus sna toscaireachtaí (i ngeall ar an moill a cuireadh ar na nósanna imeachta earcaíochta uile), (ii) do mhisin, cruinnithe agus imeachtaí (i ngeall ar shrianta taistil agus gaibhniú), (iii) agus do go leor míreanna a bhaineann leis an mbonneagar; ag tabhairt dá haire gur féidir na coigiltis sin a mheas ag EUR 17 500 000;

16. ag tabhairt dá haire go ndearnadh cuid de na coigiltis sin a athdháileadh chun TF agus an teileachumarsáid a atreisiú chun na costais chumarsáide atá méadaithe go suntasach (bogearraí, crua-earraí agus nascacht) a chumhdach agus chun an córas físchomhdhála atá as dáta a uasghrádú i líonra na dtoscaireachtaí; á thabhairt chun suntais go n-áirítear leis an gcaiteachas breise de shiocair na paindéime na costais a thagann as aslonnú leighis na gcomhghleacaithe atá ag fulaingt le COVID-19 nó baill foirne leochaileacha, agus aisíoc na gcostas idirlín i dtoscaireachtaí áirithe i gcás ina bhfuil an costas a bhaineann le naisc idirlín iomarcach; á chur i bhfios gur baineadh úsáid as formhór na gcoigilteas i gcomhair infheistíochtaí i mbonneagar sna toscaireachtaí;

17. á chur in iúl go dtuigeann sí, le linn na bliana 2020 agus mar thoradh ar phaindéim COVID-19, go ndeachthas i ngleic leis an déine athraitheach i ngníomhaíochtaí SEGS trí aistrithe a dhéanamh, go háirithe ó línte buiséid na n-acmhainní daonna agus na misean go dtí na línte buiséid do TF, a bhí éifeachtach agus dírithe ar thorthaí; ag tabhairt dá haire, i ndearbhthéarmaí, gurbh ionann luach na n-aistrithe go léir a rinneadh laistigh de bhuiséad riaracháin SEGS agus EUR 52 700 000;

18. á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfuil na forálacha reatha maidir le soláthar atá leagtha síos sa Rialachán Airgeadais agus atá le cur i bhfeidhm ag toscaireachtaí i dtríú tíortha neamhéifeachtúil; ag aontú le hiarraidh SEGS go ndéanfar athbhreithniú ar na forálacha ábhartha soláthair trí chaibidil ar leith a chomhtháthú le haghaidh toscaireachtaí i dtríú tíortha nó tríd an tairseach luacha a choigeartú, lena ndírítear sa dá chás ar na rialacha atá i bhfeidhm a oiriúnú d'acmhainneachtaí agus do chomhthéacs áitiúil na dtoscaireachtaí;

19. ag tabhairt dá haire, in 2020, gur fhoilsigh SEGS 40 nós imeachta soláthair ardluacha (ar luach a bhí os cionn na Treorach lena leagtar amach tairseacha do sheirbhísí agus do sholáthairtí agus a bhí os cionn EUR 500 000 d'oibreacha); ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt 15 nós imeachta soláthair i gcomhair soláthairtí trealaimh cosanta pearsanta (TCP) a d'eagraigh roinnt institiúidí in 2020, lena n-áirítear SEGS; ag tabhairt faoi deara gur bhraith an Chúirt roinnt fadhbanna sna nósanna imeachta ar bhain na hinstitiúidí iniúchta úsáid astu agus maisc chosanta a raibh géarghá leo á soláthar acu; ag tabhairt faoi deara go raibh íoscheanglais dhochta leagtha sios ag na hinstitiúidí sin sna sonraíochtaí tairisceana (lena n-áirítear caighdeáin cáilíochta tagartha Eorpacha le haghaidh maisc aghaidhe leighis agus dátaí seachadta);

20. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú chun beagnach EUR 80 billiún a chur ar fáil don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) agus EUR 5 bhilliún don tSaoráid Eorpach Síochána (EPF) chun acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais chun freagairt do thosaíochtaí agus do dhúshláin atá ag teacht chun cinn i bpríomhréimsí beartais;

21. ag tabhairt dá haire gurbh í Toscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig an tSiria an t-aon toscaireacht a chuir amhras in iúl (ó 2017 i leith) maidir le bainistiú an chaiteachais riaracháin mar gheall ar an staid slándála atá ann faoi láthair; á thabhairt dá haire, agus is mór aici, gur éirigh le SEGS dhá shaincheist a bhí ar feitheamh a réiteach in 2020, maidir le cáin ioncaim gníomhairí áitiúla agus rochtain ar chuntas bainc sa tSiria de chuid na toscaireachta;

Bainistíocht inmheánach, feidhmíocht, rialú inmheánach

22. ag tabhairt dá haire go ndearna an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) de chuid an Choimisiúin athbhreithniú teoranta in 2020 ar chur chun feidhme chreat rialaithe inmheánaigh SEGS (ICF); ag tabhairt faoi deara go ndearnadh na moltaí a eisíodh a chur chun feidhme in 2021; ag formheas bhunú Choiste Rialaithe Inmheánaigh (ICC) SEGS agus modheolaíocht nua a ghlacadh chun laigí a shainaithint agus a aicmiú i leith gach ceann de na prionsabail rialaithe inmheánaigh;

23. á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh ainmníocht na n-earráidí maidir le nósanna imeachta soláthair, a mbaintear úsáid astu do rialuithe *ex post* ag SEGS, a ailíniú leis an ainmníocht a mbaineann an Chúirt úsáid as, lena lamháiltear do chomparáid níos fearr a dhéanamh idir na torthaí; á chur in iúl gur mór aici, tar éis mheasúnú na Cúirte ar Thuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil SEGS do 2019, gur leasaíodh straitéis iniúchóireachta inmheánaí SEGS chun faisnéis níos cruinne a sholáthar maidir leis na rátaí earráide ar baineadh úsáid astu don ráiteas bliantúil dearbhaithe, lena ndéantar idirdhealú soiléir idir na hearráidí a bhraitear agus na hearráidí iarmharacha agus, lena ndéantar, dá bhrí sin, faisnéis níos cruinne a chur ar fáil maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh chun na hearráidí a braitheadh le linn an fheidhmithe rialaithe ex-post a cheartú;

24. á chur in iúl gur díol sásaimh di cur chun feidhme an Phlean Iniúchóireachta Straitéisí Ilbhliantúla a d'fhorbair IAS; á iarraidh ar SEGS an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi na torthaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón straitéis seo.

Acmhainní daonna, comhionannas agus dea-bhail na foirne

25. ag tabhairt dá haire, ar an iomlán, go raibh fórsa oibre SEGS in 2020 comhdhéanta de 4 643 dhuine (i gcomparáid le 4 474 in 2019) agus gur bhronn an t-údarás buiséadach 178 gcoibhéis lánaimseartha nua i ngeall ar na cúraimí breise a bhí air; ag tabhairt dá haire, ag deireadh na bliana 2020, go raibh fórsa oibre SEGS comhdhéanta de 1 277 n-oifigeach, 1 091 ghníomhaire áitiúla, 539 ngníomhaire ar conradh, 472 shaineolaí náisiúnta ar iasacht (SNEnna) agus 370 gníomhaire sealadach, mar aon le pearsanra tacaíochta eile (i.e. foireann sheachtrach, oiliúnaithe agus gairmithe sóisearacha);

26. ag tabhairt dá haire, ar an iomlán, gur oibrigh 2 286 bhall foirne ar an iomlán sa Cheanncheathrú agus 2 357 sna toscaireachtaí, mar aon le 3 757 mball foirne ón gCoimisiún arna bpostú i dtoscaireachtaí; á thabhairt chun suntais ráta ard fostaíochta na bpost, go háirithe sna toscaireachtaí (94,3 % i gcás poist AD agus 93,7 % i gcás poist AST-AST/SC), agus á thabhairt chun suntais go bhfuil an leibhéal beagán níos ísle sa Cheanncheathrú (91,2 % i gcás poist AD agus AST-AST/AC araon);

27. ag tabhairt faoi deara go ndearnadh an t-aistriú ar 546 de bhall foirne an Choimisiúin sna toscaireachtaí chuig SEGS a chur chun feidhme ag deireadh na bliana 2020 agus go n-éascófar leis sin bainistiú na foirne riaracháin agus go n-áiritheofar leis cearta agus oibleagáidí comhionanna sna toscaireachtaí;

28. á thabhairt chun suntais go bhfuil timpeallacht idirnáisiúnta luaineach agus líon méadaitheach géarchéimeanna os comhair an Aontais, lena bhfágtar go bhfuil méadú tagtha ar an éileamh ar an Aontas ról tábhachtach a bheith aige ar an leibhéal idirnáisiúnta; ag tabhairt dá haire go mbeidh méadú comhfhreagrach foirne mar bhonn taca le ról feabhsaithe SEGS chun dul i ngleic le dúshláin nua amhail bréagaisnéis; ag tacú le hiarraidh SEGS ar an údarás buiséadach go mbeidh ann d'acmhainní daonna leordhóthanacha chun éifeachtacht an Aontais mar ghníomhaí domhanda a áirithiú; á chur i bhfios, go háirithe, an gá práinneach atá le húsáid a bhaint as acmhainní atá ar fáil go solúbtha amhail líon níos airde de SNInna ó na Ballstáit chun go mbeidh siad in ann freastal ar iarrataí nua;

29. ag tabhairt dá haire iarrachtaí SEGS chun aghaidh a thabhairt ar chúis bhuartha Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcothromaíocht idir foirne atá ar leibhéal AD ó na Ballstáit agus oifigigh de chuid an Aontais agus ag formheas tiontú post SNI ina bpoist riarthóra chun a líon foriomlán a laghdú tuilleadh; á chur in iúl gur geal léi foilsiú phoist fholmha uile SNI ar chúiseanna trédhearcachta agus cothroime agus gur iarradh ar iarrthóirí sna Ballstáit uile a spéis in aon phost a léiriú; á chur in iúl gur geal léi gurbh ionann líon thaidhleoirí na mBallstát ag deireadh na bliana 2020 agus 35,8 %, i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE ([1]) ón gComhairle, lena bhforáiltear gur cheart go mbeadh baill foirne ó na Ballstáit ionadaíoch ar aon trian ar a laghad d'fhoireann uile SEGS ar leibhéal AD;

30. á chur in iúl gur geal léi go raibh ionadaíocht inscne fhoriomlán SEGS beagnach comhionann, ag deireadh na bliana 2020, inarbh ionann líon na mban agus 48,65 % den fhoireann; ag tabhairt dá haire go háirithe gurbh ionann líon na mban agus 37,3 % den fhoireann AD (i gcomparáid le 34,8 % in 2019) le roinnt difríochtaí inmheánacha, i.e. 49,64 % sna gráid níos ísle (AD5 go AD8) ar mhná iad ach 35 % sna gráid níos airde (AD9 go AD13), lena léirítear dul chun feabhais i gcomparáid le 32,9 % ag deireadh na bliana 2019; ag tabhairt dá haire gur tháinig ardú ar sciar na mban sna gráid AD is airde (AD14 go AD16) i gcomparáid le 2019 ach go bhfuil sé fós íseal (23 % in 2020 i gcomparáid le 20,4 % in 2019);

31. ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú go 65,35 % ar chéatadán na mban sna catagóirí AST agus AST/SC i gcomparáid le 66,3 % in 2019; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil míchothromaíochtaí ann fós i measc na ngrád éagsúil, agus gur mná iad 66,2 % den fhoireann sna gráid níos ísle (AST2 go AST9) ach nach bhfuil ach 33.3 % ar mná iad sna gráid is airde (AST10 go AST11); á chur i bhfios an chothromaíocht inscne a baineadh amach maidir le gníomhairí ar conradh (59,4 %) agus gníomhairí áitiúla (54,5 %), cé gur fir a bhí i bhformhór na saineolaithe náisiúnta ar iasacht (75,2 %, i ngeall den chuid is mó ar an líon teoranta ban in arm Ballstát);

([1]) Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30)

32. á chur in iúl gur geal léi an iliomad gníomhaíochtaí a sheol SEGS chun an chothromaíocht inscne a bhaint amach, mar aon le timpeallacht oibre atá oscailte agus cuimsitheach a chruthú, chun dálaí oibre atá dírithe ar thorthaí agus atá solúbtha a chomhtháthú lena n-ionchorpraítear cothromaíocht oibre is saoil; á chur in iúl gur díol sásaimh di gníomhaíochtaí sonracha amhail iarratasóirí ar mná iad a chur chun cinn go gníomhach do gach post bainistíochta, ionadaíocht éigeantach ar an dá inscne ar na painéal earcaíochta mar aon le hoiliúint maidir le claontacht neamhchomhfhiosach do chomhaltaí na bpainéal earcaíochta sin, comhordú feabhsaithe leis na Ballstáit chun níos mó iarrthóirí ar mná iad a spreagadh chun cur isteach ar phoist agus chun tacú le céilí atá ag iarraidh fostaíocht a fháil i dtríú tíortha; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil iniúchadh inscne ar siúl go leanúnach chun príomhshruthú inscne a fheabhsú tuilleadh, agus á iarraidh ar SEGS tuairisc a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa faoi na moltaí agus faoin obair leantach a bhaineann leis an iniúchadh chun ceannaireacht láidir a fhreagraíonn do chúrsaí inscne a chur chun cinn;

33. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur leanadh den treocht in 2020 inar tháinig ardú ar líon na mban sna poist bhainistíochta, inarbh ionann líon na mban agus 27,3 % de bhainisteoirí sinsearacha agus 33,2 % de mheánbhainisteoirí, i gcomparáid le 26 % agus 31,3 % faoi seach in 2019; á chur in iúl gur oth léi nach raibh ach 27,4 % de phoist na gceann toscaireachta i seilbh na mban in 2020, agus nach bhfuil aon athrú ar an bhfigiúr sin i gcomparáid le 2019;

34. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa cothromaíocht inscne ar fud na n-iarratas ar phoist bhainistíochta, áit nárbh ionann ach 27 % líon na n-iarratasóirí ban; ag tabhairt faoi deara gurbh ionann líon na mban agus 53 % de na hiarratasóirí ar chinn riaracháin, 82 % de na hiarratasóirí ar chúntóirí do cheann na toscaireachta agus 100 % d'iarratasóirí ar chúntóirí do leascheann toscaireachta; á chur in iúl gur díol sásaimh di líonrú do mhná i bpoist réamhbhainistíochta agus cláir shaincheaptha do mhná atá i bpoist mheánbhainistíochta mar bhonn tallainne do phoist ardbhainistíochta a bheidh ann amach anseo agus á iarraidh an athuair ar SEGS leanúint dá iarrachtaí chun cothromaíocht inscne a bhaint amach ar gach leibhéal ordlathach; á iarraidh ar SEGS féachaint ar straitéisí chun iarratasóirí ban a spreagadh agus a éascú chun iarratas a dhéanamh ar phoist bhainistíochta; ag áitiú na Ballstáit a spreagadh chun mná cáilithe a chur ar aghaidh le haghaidh poist bhainistíochta, lena n-áirítear poist bhainistíochta shinsearacha; á mholadh do SEGS a dheiseanna gairme agus a fholúntais a chur chun cinn ar bhealach níos fearr i measc taidhleoirí náisiúnta, gairmithe staidéar idirnáisiúnta, lucht acadúil agus na sochaí sibhialta;

35. ag tacú le glacadh threochlár SEGS do ghníomhaíocht maidir le míchumas i mí an Mheithimh 2020, a ullmhaíodh i gcomhar leis an gCoiste Foirne, le seirbhísí ábhartha SEGS, le hinstitiúidí eile an Aontais agus leis na Ballstáit chun na cleachtais agus na beartais is fearr a bhailiú; á chur in iúl go dtuigeann sí, tar éis a fhoilsithe inmheánaigh, gur tugadh an treochlár cothrom le dáta agus gur feabhsaíodh é ag deireadh 2020; á chur in iúl gur geal léi foilsiú bheartas míchumais SEGS i mí Iúil 2020; á chur in iúl gur mór aici tionscnaimh nithiúla amhail an treoir idirinstitiúideach do nuatheachtaithe faoi mhíchumais, treoir SEGS maidir le cumarsáid chuimsitheach agus tagairt á déanamh do dhaoine faoi mhíchumais ag an obair agus pointe teagmhála tiomnaithe á leagan síos d'fhaisnéis phraiticiúil maidir le míchumais nó do choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh san ionad oibre;

36. á chur in iúl gur mór aici obair na dtascfhórsaí maidir le "Forbairt gairme" agus le "Inscne agus comhionannas deiseanna" a bhfuil sé de chúram orthu trédhearcacht, intuarthacht, comhionannas agus cothroime a fheabhsú sa chultúr oibre ag SEGS; ag tacú le comhchoiste um chomhionannas deiseanna (COPEC) a cuireadh ar bun an 25 Meitheamh 2020, le comhaltaí ó ionadaithe riaracháin agus ó ionadaithe foirne araon, ar cuireadh de chúram orthu leis an sainordú a tugadh dóibh rannchuidiú a dhéanamh le beartais a bhaineann le hinscne, deiseanna comhionanna, urraim don éagsúlacht agus neamh-idirdhealú, frithchiapadh, socruithe solúbtha oibre a eagrú agus le timpeallacht oibre atá cothrom, solúbtha agus urramach;

37. á chur in iúl gurb eol di iarrachtaí SEGS ionadaíocht fhóinteach gheografach a bhaint amach agus inniúlachtaí agus tuillteanais na n-iarrthóirí á n-urramú ag an am céanna; á chur in iúl an athuair gur ábhar imní di ionadaíocht gheografach fhoireann SEGS, go háirithe maidir le poist na gceann toscaireachtaí, na meánbhainistíochta agus na bainistíochta sinsearaí agus á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis an méid sin, an soláthar riachtanach SNInna breise chun aghaidh a thabhairt ar ualach oibre SEGS atá ag dul i méid; ag tabhairt faoi deara go raibh náisiúnaigh ó na Ballstáit uile san áireamh ar fhoireann SEGS ag deireadh 2020 agus á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinne SEGS Líonra Acmhainní Daonna na mBallstát a choimeád ar an eolas faoi chomhdhéanamh na foirne, folúntais a fhoilsiú agus iarrachtaí náisiúnta a chur chun cinn chun líon na n-iarrthóirí a mhéadú;

38. á mheas go bhfuil sé tábhachtach ionadaíocht chothrom ó na tíortha a tháinig isteach san Aontas tar éis 2004 nó níos déanaí (AE13) a áirithiú agus á tabhairt faoi deara, dá bhrí sin, gur tháinig méadú 6 % ar líon na mball foirne ó na Ballstáit sin ag deireadh 2020 i gcomparáid le 2019; á chur i bhfios gurbh ionann sciar AE13 i bhfoireann SEGS agus 23 % ag deireadh na bliana 2020, agus gurbh ionann a sciar laistigh de dhaonra an Aontais agus 20 %; á chur i bhfios go láidir, áfach, na neamhréireachtaí idir ionadaíocht ar leibhéal bainistíochta na dtíortha ina bhfuil méid an daonra inchomparáide (30 post bainistíochta as 267 bpost bainistíochta ag náisiúnaigh AE13, i gcomparáid le 33 phost bainistíochta in 2019); á iarraidh ar SEGS dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo ionadaíocht chothrom ar na Ballstáit, lena léireofar a n-éagsúlacht, mar a léirítear in Airteagal 27 de na Rialacháin Foirne;

39. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig athchóiriú SEGS ar choinníollacha fostaíochta agus ar scéimeanna slándála sóisialta do ghníomhairí áitiúla sna toscaireachtaí i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2020; á chur i bhfáth, leis an athchóiriú, gur tugadh isteach bunús dlí níos láidre don árachas leighis comhlántach agus do na coigiltis chomhlántacha soláthair, mar aon le coinníollacha fostaíochta níos fearr; á chreidiúint, leis an bpacáiste nua, go lamhálfar do na toscaireachtaí foireann ardcháilithe a mhealladh agus a choinneáil;

40. á chur in iúl gur geal léi go gcuirtear cothromaíocht oibre is saoil chun cinn le SEGS agus go gcothaítear léi beartais a thacaíonn le teaghlaigh, tríd an úsáid a bhaintear as socruithe oibre solúbtha, lena n-áirítear, ar bhonn cás ar chás, teilea-obair lasmuigh den ionad fostaíochta agus obair leantach phearsantaithe arna déanamh ag foireann beartais shóisialta SEGS don fhoireann a bhfuil leanaí atá faoi mhíchumais acu;

41. ag tabhairt dá haire gur údaraigh SEGS teilea-obair i mí an Mhárta 2020 le haghaidh thromlach na foirne sa Cheanncheathrú agus sna toscaireachtaí; á chur in iúl gur geal léi, i ngeall ar leathadh phaindéim COVID-19, gur thug SEGS údarú do baill foirne neamhriachtanacha ó 78 dtoscaireacht i dtíortha ina bhfuil droch-chórais sláinte chun teilea-obair ón mBruiséil nó óna n-áit bhunaidh ar bhonn deonach; ag tabhairt faoi deara gur roghnaigh thart ar 41 % d'fhoireann na dtoscaireachtaí an socrú oibre sin i mí na Bealtaine 2020, lena ligtear do theaghlaigh teacht le chéile arís, feabhas a chur ar a ndea-bhail agus táirgiúlacht ag an obair a mhéadú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur tugadh údarú don fhoireann sa Cheanncheathrú ag a bhfuil fadhbanna sláinte teilea-obair a dhéanamh ó áit lasmuigh den Bheilg;

42. ag tabhairt dá haire go soláthraítear treoir agus bearta tionlacain le SEGS chun maolú a dhéanamh ar an mbaol tnáite, lena n-áirítear tacaíocht shíceolaíoch, comhairle maidir le cúnamh áitiúil iomchuí, oiliúint maidir le bainistiú struis agus líne chabhrach; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac SEGS sraith rialacha chun an ceart chun dícheangail a choimeád do gach ball foirne le rialacha sonracha maidir leis an úsáid a bhaintear as ríomhphost agus teileafón taobh amuigh d'uaireanta oibre;

43. ag moladh na hairde a thugann SEGS ar an idirphlé sóisialta agus á chur i bhfios go láidir an tionchar dearfach atá ag rannpháirtíocht dhíreach na mball foirne a bhfuil taithí phearsanta acu ar na bearta a cuireadh isteach lena bplé; á chur in iúl gur geal léi go háirithe an comhairliúchán leathan maidir le todhchaí SEGS ina raibh níos mó ná 500 comhghleacaí ón gCeanncheathrú agus ó na toscaireachtaí araon rannpháirteach ann agus inar dhírigh seacht ngrúpa fócais ar fad ar mholtaí nithiúla oibre, tionscadal ar a dtugtar #EEAS@20; ag moladh do SEGS an cur chuige seo a choinneáil chun freagairt d'ionchas na mball foirne agus aghaidh á tabhairt aige ar riachtanais na seirbhíse;

44. á chur in iúl gur cúis bhuartha di líon na gcásanna a tuairiscíodh do Sheirbhís Idirghabhála SEGS (176 iarraidh in 2020, 183 iarraidh in 2019); á chur i bhfios go bhfuil obair na Seirbhíse Idirghabhála á comhlánú le líonra de 12 chomhairleoir dheonacha agus sainoilte rúnda sa Cheanncheathrú agus sna toscaireachtaí; ag tabhairt dá haire, as na cásanna a tuairiscíodh in 2020, gur bhain 64 % díobh le coinbhleachtaí idirphearsanta (lena n-áirítear líomhaintí maidir le ciapadh morálta), bhain 30 % de na coinbhleachtaí le cearta agus le hoibleagáidí, bhain cásanna eile le saincheisteanna amhail timpeallacht oibre strusmhar agus bhain cás amháin le líomhaintí maidir le gnéaschiapadh; á chur i bhfáth go ndearnadh athbhreithniú ar shainordú na Seirbhíse Idirghabhála ag tús 2020 chun béim a leagan ar a neamhspleáchas agus a hinfhaighteacht do na ball foirne uile, agus chun a áirithiú go gcuirfear riarachán SEGS ar an eolas faoi líomhaintí/teagmhais thromchúiseacha leanúnacha chun go bhféadfaidh sé bearta iomchuí a dhéanamh; ag spreagadh SEGS leanúint de chultúr oibre cuiditheach agus coisctheach a chothú, saor ó chiapadh, trí fheasacht a ardú, cóitseáil agus oiliúint a chur ar fáil;

45. ag tabhairt dá haire gur dhéileáil riarachán SEGS le ceithre iarraidh fhoirmiúla ar chúnamh a bhain le líomhaintí maidir le ciapadh, ina ndearnadh trí chás díobh a dhúnadh gan smachtbhanna a bheith curtha ina leith, agus gur iarradh tuairim an bhoird araíonachta sa chás deireanach; á iarraidh ar SEGS tuairisc a thabhairt ar an gcás sin in am trátha; ag moladh gur sheol SEGS an chéad oiliúint éigeantach riamh do bhainisteoirí in 2020 maidir le conas timpeallacht oibre saor ó chiapadh a chruthú; á mholadh do SEGS leanúint d'oiliúint chórasach agus de sheisiúin feasachta a eagrú i réimse iompar cuí a fhoirne; á chreidiúint gur cheart do na seisiúin sin a bheith mar chuid d'oiliúint éigeantach d'fhoireann nua-earcaithe;

46. ag tabhairt dá haire go ndearna SEGS 57 nOiliúnaí Páipéir Ghoirm a fuair luach saothair a earcú in 2020 le haghaidh tréimhse oiliúna 5 mhí ina Cheanncheathrú; ag tabhairt dá haire go raibh 385 oiliúnaí ar an iomlán fostaithe in 101 thoscaireacht, le haghaidh cúrsaí oiliúna a mhair 5 mhí ar an meán; á chur in iúl gur oth léi go raibh 39 gcúrsa oiliúna ann nach bhfuair luach saothair; ag tabhairt dá haire go bhfuair na hoiliúnaithe Páipéir Ghoirm go léir ríomhaire pearsanta chun teilea-obair a dhéanamh; á iarraidh ar SEGS na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go bhfaighidh a cuid oiliúnaithe uile luach saothair cuibhiúil;

Creat eitice agus trédhearcacht

47. ag tabhairt dá haire agus gur mór aici glacadh Chóras Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine i mí na Nollag 2020 agus glacadh Phlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2024), ina leagtar amach réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta agus lena gcuirtear dúshláin nua san áireamh; ag moladh ról lárnach chearta an duine i mbeartas eachtrach an Aontais agus tiomantas an Aontais aghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ar fud an domhain;

48. á iarraidh ar SEGS faireachán a dhéanamh ar sheasaimh na gceann toscaireachta a bhí i bhfeighil roimhe seo, i bhfianaise an róil pholaitiúil íogaire atá acu agus a bhfeidhmeanna íogaire sna tíortha óstacha; á iarraidh ar SEGS athbhreithniú córasach a dhéanamh ar aistrithe a d'fhéadfadh a bheith fadhbach don earnáil phríobháideach nó d'eagraíochtaí tríú tír agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar ghairm na n-iaroifigeach sinsearach go dtí deireadh na tréimhse marana éigeantaí, toisc go bhféadfadh coinbhleachtaí leasa nach dtugtar aghaidh orthu forfheidhmiú ardchaighdeán eiticiúil ar fud riarachán an Aontais a chur i mbaol;

49. ag tabhairt dá haire nach ndearna SEGS scrúdú in 2020 ach ar 25 fhógra ón mball foirne inar tugadh le fios go raibh sé de rún acu dul i mbun gníomhaíochta gairme tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, ar tháinig sé fhógra díobh sin ó iarbhaill shinsearacha foirne; á iarraidh ar SEGS faisnéis a iarraidh go huathoibríoch maidir le gairm bheartaithe na mball foirne sinsearach atá ag fágáil a bpost; á chur i bhfios go láidir nach féidir faisnéis íogair gheopholaitiúil a bhfuil rochtain ag baill foirne shinsearacha uirthi a chur i mbaol; á chur in iúl gur geal léi foilsiú cúlghabhálach a cinntí maidir le gníomhaíochtaí gairme na n-iaroifigeach sinsearach i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de na Rialacháin Foirne; á chur in iúl gurb eol di an toirmeasc ar bhrústocaireacht agus ar abhcóideacht a chuirtear i bhfeidhm go huathoibríoch i leith gach oifigigh tar éis an tseirbhís a fhágáil;

50. ag tabhairt dá haire go raibh dhá dhearbhú ann in 2020 gur ann do choinbhleachtaí leasa ionchasacha, a bhaineann araon le fostaíocht shochrach na gcéilí, ina ndearnadh duine amháin a fhoirceannadh, agus mar thoradh ar an gceann eile go ndearnadh cinneadh dualgas an bhaill foirne i leith bainistiú a dhéanamh ar ghlaoch ar thairiscint a bhaint;

51. á mheas gur cheart na caighdeáin eiticiúla is airde a chur i bhfeidhm chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, agus sainiúlachtaí na hoibre sna toscaireachtaí á gcur san áireamh chun an riosca do chlú an Aontais agus SEGS a mhaolú, go háirithe do chinn toscaireachta;

52. ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon ról díreach ag SEGS i reachtaíocht an Aontais agus, dá bhrí sin, nach ndéanann SEGS cruinnithe a thionól le heagraíochtaí agus le daoine féinfhostaithe atá cáilithe mar bhrústocairí i gcomhréir le hAirteagal 11 CAE; á mholadh do SEGS, ar bhonn comhaontú ar leibhéal seirbhíse, a bheith rannpháirteach i gclár trédhearcachta an Aontais chun gur féidir an trédhearcacht a fheabhsú trí gach cruinniú le gach eagraíocht stocaireachta a dhéanann iarracht tionchar a imirt ar phróisis reachtóireachta agus ar chur chun feidhme bheartais institiúidí an Aontais a nochtadh;

53. á thabhairt faoi deara go bhfuair SEGS 20 iarraidh ar fhaisnéis ó OLAF maidir le cásanna féideartha calaoise, a bhaineann le foireann an Aontais nó gníomhaithe seachtracha agus, i gcás cúig cinn díobh, gur chinn OLAF imscrúdú a oscailt; á iarraidh ar SEGS torthaí na n-imscrúduithe sin a chur in iúl go tráthúil don údarás um urscaoileadh; á thabhairt faoi deara gur dhéileáil an tOmbudsman le 14 chás a bhaineann le SEGS gan aon mholadh a eisiúint; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil fiosrú á dhéanamh i dtaobh comhar a bhunú le OIPE maidir leis an gcomhairle agus le tacaíocht ó OLAF; á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil SEGS toilteanach comhoibriú le OIPE agus an teagmháil le Seirbhís Dlí an Choimisiúin maidir leis an tsaincheist sin, agus á iarraidh ar SEGS an comhar sin a chomhtháthú mar chuid dá straitéis ghinearálta frithchalaoise;

54. ag leagan béim ar a riachtanaí atá sé go leanfadh SEGS de bheith ag comhlíonadh Threoirlínte an Choimisiúin maidir le Sceithireacht, go háirithe chun sceithirí a chosaint de mheon macánta ar aon chineál dochair; á chur in iúl gur díol sásaimh di go gcuireann SEGS Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Sceithireacht i bhfeidhm ar fhoireann SEGS agus an Choimisiúin arna bpostú i dtoscaireachtaí AE agus go gcuireann sé ar fáil ar inlíon SEGS iad;

Digitiú, cibearshlándáil, cosaint sonraí

55. á iarraidh ar SEGS tuairisc a thabhairt don údarás buiséadach maidir leis an nganntanas ginearálta d'fhoireann riaracháin, go háirithe maidir lena ghanntanas i leith fhoireann TF arb é an líon is ísle as measc na n-institiúidí é, agus mionléiriú a dhéanamh ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis na ganntanais sin amhail fadhbanna earcaíochta nó easnaimh struchtúracha sa riarachán;

56. á chur i bhfios go láidir, i gcomparáid le 2019, gur tháinig ardú 38,14 % ar infheistíocht i dtionscadail agus i dtrealamh TF i gcás na Ceanncheathrún agus ardú 22,48 % i gcás na slándála; á thabhairt faoi deara go ndearnadh líne buiséid na Ceanncheathrún do TF a threisiú le níos mó ná EUR 8 milliún in 2020 ó aistrithe as línte eile, ardú ar EUR 16 000 000 na líne bunaidh, ós rud é gur tháinig ardú suntasach ar riachtanais i ngeall ar phaindéim COVID-19;

57. á aithint a íogaire atá aistriú sonraí chuig tríú tíortha; á chur in iúl gurb eol di gur eisigh an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) treoir maidir le conas a áirithiú go gcomhlíonann conraitheoirí na rialacha cosanta sonraí agus conas is féidir le haistrithe sonraí chuig tríú tíortha a bheith dleathach i bhfianaise bhreithiúnas Schrems-II ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa; á thabhairt faoi deara gur fhreagair SEGS do cheanglas MECS maidir le fardal aistrithe sonraí pearsanta chuig eagraíochtaí tráchtála i dtríú tíortha, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí don Aontas;

58. ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di go ndearna MECS cianiniúchadh ar chláir próiseála sonraí institiúidí an Aontais agus SEGS a bhí go hiomlán comhlíontach; á chur in iúl gur geal léi an nuashonrú leanúnach ar ráitis phríobháideachais COVID-19 a rinne rialaitheoirí sonraí SEGS i ndlúthchomhar leis an OCS, chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna buartha nua maidir le príobháideachas i ndáil le rialú láithreacht oifige agus cianoibriú, d'fhonn comhréireacht a bhaint amach idir na riachtanais maidir leis an tsláinte a chaomhnú agus rioscaí éillithe a mhaolú agus sonraí pearsanta a chosaint; ag tabhairt dá haire, in 2020, gur chuir rialaitheoirí sonraí SEGS dhá mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí (DPIA) i gcrích maidir le faireachán ar shlándáil TF agus maidir le húsáid KITRY, bogearra chun sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú san ionad oibre don tSeirbhís Liachta (le cur i gcrích in 2021);

Foirgnimh agus slándáil

59. á aithint a chasta atá sé do SEGS agus an dúshlán a bhaineann lena fhoirgnimh a bhainistiú, lena n-áirítear oifigí, áiteanna cónaithe oifigiúla agus cóiríocht foirne sa Bhruiséil agus sna toscaireachtaí; ag tabhairt dá haire go raibh tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar bheartas réadmhaoine SEGS agus go ndearnadh leis dlús a chur leis an aistriú chuig spásanna comhoibríocha oifige; á thabhairt faoi deara, i ngeall ar ghéarchéim na paindéime, gur cuireadh moill ar roinnt tionscadal tógála in 2020, go príomha i ngeall ar bhristeacha i slabhra an tsoláthair, srianta ar obair thógála agus srianta taistil, go háirithe i dtríú tíortha;

60. á thabhairt faoi deara gur i gcomhairle le lucht bainistíochta agus le foireann na rannán agus na dtoscaireachtaí lena mbaineann araon a dearadh na tionscadail uile maidir le feistiú oifige a rinne SEGS in 2020, agus gur spásanna comhoibríocha den chuid is mó a áirítear leis sin agus comhlíonadh á dhéanamh aici ar na treoirlínte maidir le scaradh sóisialta a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim COVID-19; á chur in iúl gur geal léi nach ndearna SEGS beartas ginearálaithe maidir le sealaíocht deisce a thabhairt isteach;

61. ag tabhairt dá haire go mbainistíonn SEGS 178 bhfoirgneamh oifige sna toscaireachtaí, arb ionann é agus achar iomlán 275 000 m² (80 % de atá ar cíos agus 20 % faoi úinéireacht); á thabhairt faoi deara gurb é EUR 61 800 000 costas bliantúil na réadmhaoine a fhaightear ar cíos do na toscaireachtaí; ag tabhairt dá haire go ndearna SEGS 148 n-áit chónaithe a bhainistiú ag deireadh na bliana 2020 do na cinn toscaireachta ag a bhfuil achar tógála iomlán de 84 000 m² (21 % faoi úinéireacht); á chur in iúl gur geal léi an measúnú cáilíochtúil a rinne SEGS in 2020 maidir le foirgnimh na dtoscaireachtaí chun lamháil do thosaíochtaí meántéarmacha go fadtéarmacha a shainaithint agus chun tógáil ar an gcéad phlean ilbhliantúil do thionscadail réadmhaoine SEGS sna toscaireachtaí in 2021;

62. ag tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag SEGS méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as comhshuíonna ina toscaireachtaí, atá méadaithe breis agus faoi cheathair le 5 bliana anuas (ó 20 in 2011 go 116 in 2020) agus arb ionann é agus 7 % d'achar iomlán na hoifige; á chur in iúl gur mór aici go ndearnadh éascú ar EUR 12 mhilliún i gcostais a aisghabháil in 2020 le bainistiú na gcomhshuíonna tríd an gCreat-Chomhaontú le gach comhpháirtí comhshuí;

63. á chur i bhfios go láidir gur thug institiúidí an Aontais faoi deara gur tháinig méadú 600 % ar chibirionsaithe le linn phaindéim COVID-19; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tionscnaimh éagsúla seolta ag SEGS chun feasacht slándála a mhúscailt agus chun cultúr slándála a chur chun cinn ar fud na hinstitiúide, amhail feachtais slándála, oiliúint ar bhaill foirne chun bagairtí slándála a bhrath agus treoir a thabhairt maidir le conas bagairtí a mhaolú nó a dtionchar a laghdú; ag tacú le SEGS a bhearta sábháilteachta a mhéadú lena gcosnaítear baill foirne agus bonneagar digiteach SEGS ar bhagairtí agus ionsaithe seachtracha; á chur i bhfios go bhfuil gá ag SEGS le pearsanra, nósanna imeachta, bonneagar agus uirlisí leordhóthanacha chun na rioscaí slándála sin a laghdú, go háirithe na rioscaí sin a bhaineann leis an gcibearshlándáil;

64. á chur i bhfios go ndearna SEGS buiséad iomlán EUR 65 600 000 a bhainistiú do 2020 lena gcumhdaítear seirbhísí slándála; ag tabhairt dá haire gurbh ionann agus EUR 12 942 311 an méid iomlán a caitheadh ar shuiteálacha slándála agus ar chothabháil do na toscaireachtaí; á thabhairt faoi deara gurbh ionann agus EUR 18 163 000 an buiséad iomlán do chumarsáid shlán; ag tabhairt dá haire na dúshláin a mheastar a bheidh ann maidir le toscaireachtaí an Aontais a chosaint, ar dúshláin iad a shainaithin SEGS agus, go háirithe, an easpa gníomhaíocht neamhspleách chun aon chumais chosanta a shlógadh i gcás géarchéimeanna agus aslonnaithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil comhaontuithe tugtha i gcrích ag SEGS le roinnt Ballstát chun tacú, i roinnt tíortha, le baill foirne easaoránacha agus cleithiúnaithe a aslonnú, rud a chuireann srian ar neamhspleáchas SEGS agus ar Thoscaireachtaí an Aontais fanacht i dtíortha óstacha le linn géarchéimeanna; á iarraidh athuair go mbainfí leas iomlán as acmhainneacht fhorálacha Chonradh Liospóin chun oibriú i dtreo aontas Eorpach um chosaint agus á chur in iúl athuair a tacaíocht do thuilleadh comhair, d'infheistíocht mhéadaithe agus do chomhthiomsú acmhainní chun sineirgí a chruthú ar leibhéal AE chun cosaint níos fearr a thabhairt do mhuintir na hEorpa;

65. á chur in iúl gur geal léi neartú líonra na nOifigeach Slándála Réigiúnach (OCR) in 2020 le cruthú 10 bpost nua agus leis na hinfheistíochtaí a rinneadh in imscaradh córais chorparáidigh rúnaicmithe lena dtugtar tacaíocht do róil uile SEGS;

Comhshaol agus inbhuanaitheacht

66. ag tacú le hiarrachtaí SEGS comhsheasmhacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú trí ghnéithe inmheánacha agus seachtracha an Chomhaontaithe Ghlais agus an chlaochlaithe dhigitigh a nascadh, as measc réimsí beartais eile; ag formheas cheapachán an chéad Ambasadóra Eorpaigh maidir leis an Athrú Aeráide a bhfuil sé de chúram air teagmhálacha polaitiúla ardleibhéil a bhunú sna Ballstáit agus ar fud an domhain, mar chuid de chur chuige straitéiseach SEGS darb aidhm an pholaitíocht, an eacnamaíocht agus an ghníomhaíocht ar son na haeráide a nascadh;

67. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag SEGS Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) an Aontais a thabhairt isteach dá Ceanncheathrú ar mhaithe le clár a fhorbairt a bheidh bunaithe ar thionscnaimh agus ar bhearta nithiúla glasa, agus gur geal léi go gcloíonn SEGS leis an deasc chabhrach idirinstitiúideach le haghaidh soláthair phoiblí ghlasa; á iarraidh ar SEGS a bheith rannpháirteach go sainráite i "bhfeachtas saor ó pháipéar" chun tuilleadh feabhais a chur ar na tionscnaimh a glacadh cheana féin maidir leis an ábhar;

68. á chur in iúl gur mór aici an tacaíocht a thugtar do na toscaireachtaí uile chun a lorg carbóin agus a n-ídiú carbóin a laghdú, go háirithe bailiú faisnéise ó na toscaireachtaí maidir le tomhaltas fuinnimh agus ábhair;

69. ag moladh do SEGS cur chuige struchtúrtha a ghlacadh maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe na foirne agus feasacht a ardú maidir le tionscnaimh ábhartha a dhéantar sa réimse seo, amhail sliotáin athluchtaithe do charranna leictreacha agus rothair leictreacha agus racaí rothar a shuiteáil;

Cumarsáid agus ilteangachas

70. á chur i bhfios go láidir an fhorbairt a rinneadh in 2020 ar Phrionsabail agus Tosaíochtaí Cumarsáide SEGS 2020-2021, ina leagtar amach tosaíochtaí cumarsáide réigiúnacha agus na trí phríomhthosaíocht straitéiseacha uileghabhálacha: taidhleoireacht maidir leis an gComhaontú Glas agus an athrú aeráide, iltaobhachas agus comhpháirtíochtaí agus uathriail agus athléimneacht straitéiseach;

71. ag tabhairt dá haire an rath a bhí ar a lán d'fheachtais SEGS sna meáin maidir le saincheisteanna tábhachtacha, amhail "Tabharfaimid abhaile sibh" maidir le haisdúichiú shaoránaigh an Aontais i ngeall ar COVID-19, "Aontaithe i gcéin", chun scéalta dlúthpháirtíochta a thaispeáint ar fud an domhain in aimsir na géarchéime, "AE i mbun Gnímh" maidir le hobair an Aontais ar bráid mar sholáthraí slándála agus an feachtas "BeTheWave" maidir le saincheisteanna aeráide; á chur i bhfios gur rannchuidigh cainéil SEGS freisin le hinfheictheacht "Foireann na hEorpa" a fheabhsú ar fud an domhain; á thabhairt chun suntais go bhfuil cuntas na meán sóisialta de chuid SEGS ar cheann de na ceannairí domhanda i measc na seirbhísí taidhleoireachta le breis agus 700 000 leantóir agus go bhfuil fás follasach ann ó thaobh idirghníomhaíocht lucht féachana de, agus gur tugadh 21 mhilliún amharc leathanaigh agus 13 milliún amharc uathúil leathanaigh ar a shuíomh gréasáin in 2020;

72. á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé cumarsáid straitéiseach a dhéanamh, rud a cuireadh in iúl cheana i rún na bliana seo caite, chun trasnaíocht mhailíseach a chomhrac lena n-áirítear bolscaireacht eachtrach agus bréagaisnéis, rud a tháinig chun cinn go láidir le linn phaindéim COVID-19; ag tacú le gníomhaíochtaí SEGS maidir le bréagaisnéis eachtrach a bhrath, a anailísiú agus a nochtadh trí thaithí agus trí chumais a thiomnú chun faireachán ar na meáin agus anailís ar mhórshonraí a uasghrádú;

73. á aithint gur fhreagair SEGS do "phlá faisnéise" COVID-19 trí fhaireachán agus anailís a dhéanamh ar chásanna cúblála agus trasnaíochta faisnéise, agus trína bheith ar thús cadhnaíochta sa dlúthchomhar idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus na comhpháirtithe idirnáisiúnta; ag tabhairt dá haire an tionchar dearfach a bhí ag rannchuidiú SEGS le cur chun feidhme na teachtaireachta comhpháirtí maidir le freagairt dhomhanda AE do phaindéim COVID-19 a glacadh i mí Aibreáin 2020;

74. á chur in iúl gur ábhar imní di nochtadh iarrachtaí ón tSín tionchar a imirt ar thuarascáil ríthábhachtach SEGS ina ndéantar measúnú ar insintí agus bréagaisnéis maidir le paindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire na ráitis a rinne an tArdionadaí i gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha de chuid na Parlaiminte inar luadh go raibh imní curtha in iúl ag oifigigh ón tSín faoi sceitheadh an dréachtfhoilsiúcháin agus gur shéan siad aon tionchar ón tSín ar an tuarascáil; á chur i bhfáth gurb é SEGS an phríomhinstitiúid de chuid an Aontais atá freagrach as trasnaíocht eachtrach a ghleic; á iarraidh ar SEGS beart a dhéanamh chun a fhoireann a chosaint ar thrasnaíocht eachtrach, chun cur i gcoinne aon iarrachtaí trasnaíochta eachtraí amach anseo agus chun an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoina fhreagairt ina leith; á chur in iúl go dtacaíonn sí le SEGS cumais, saineolas agus cumas teanga leordhóthanach a imscaradh i ndáil le réigiúin a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo;

75. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur fhoilsigh SEGS cúig thuarascáil speisialta maidir le bréagaisnéis COVID-19 agus gur sheol sé feachtais chun feasacht a ardú ar ghníomhaíocht leanúnach gníomhaithe, amhail an Rúis, agus chun aird a tharraingt ar theacht chun cinn gníomhaithe nua; ag tabhairt dá haire go ndearnadh roinnt feachtas a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith a chur chun feidhme chun maolú a dhéanamh ar thionchar na bréagaisnéise agus cáil an Aontais a chosaint; á chur i bhfios go láidir go raibh os cionn 1,25 milliún cuairteoir ag tairseach AE vs Disinfo (méadú 200 % i gcomparáid le 2019), agus 2,4 milliún amharc leathanaigh; á iarraidh ar SEGS tuilleadh faisnéise a thabhairt don Pharlaimint maidir leis an modheolaíocht a úsáideann AE vs Disinfo agus maidir le comhlíonadh dhlí an Aontais agus caighdeán idirnáisiúnta, go háirithe maidir leis an gceart chun éisteacht a fháil i nós imeachta leighis; á iarraidh go ndéanfaí méadú suntasach breise ar bhuiséad Thascfhórsa East StratCom chun feachtais bhréagaisnéise a chomhrac go rathúil agus chun beartais an Aontais i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a chur chun cinn;

76. ag meabhrú ról ceannasach thoscaireachtaí AE i dtríú tíortha maidir le comhlíonadh spriocanna beartais eachtraigh an Aontais; á iarraidh ar SEGS ról thoscaireachtaí AE i dtríú tíortha a neartú chun treisiú a dhéanamh ar a gcumas feachtais bhréagaisnéise a dhíspreagadh, ar feachtais iad atá ina mbagairt ar luachanna daonlathacha arna n-eagrú ag gníomhaithe stáit eachtracha; á iarraidh freisin ar SEGS rannpháirtíocht thoscaireachtaí an Aontais a neartú inár dtíortha comharsanacha agus i dtíortha na mBalcán Thiar chun tacú le beartas cumarsáide níos gníomhaí agus níos éifeachtaí maidir leis an bpeirspictíocht Eorpach agus an cúnamh is fearr is féidir a chur ar fáil do na tíortha atá ag gabháil d'athchóirithe atá ar son an daonlathais agus ar son na hEorpa; á iarraidh ar thoscaireachtaí AE leanúint dá n-iarrachtaí comhordaithe chun infheictheacht na dtionscadal atá cistithe ag an Aontas a mhéadú;

77. ag leagan béim ar an ngá atá le beartas AE maidir leis an Artach atá comhleanúnach agus nuashonraithe; ag tabhairt dá haire go gcuirtear deiseanna ar fáil le hionstraim nua ICFCI chun an réigiún Artach a mhaoiniú.

Comhar idirinstitiúideach

78. á chur i bhfios go láidir an comhordú leanúnach idir rannáin Cheanncheathrú SEGS agus AS BUDG an Choimisiúin chun socruithe airgeadais a leagan síos lena ndíreofar ar leanúnachas gnó agus bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú sa Cheanncheathrú agus sna Toscaireachtaí le linn na céime áirithe sin; á chur i bhfios an t-idirchaidreamh éifeachtach idir SEGS agus Oifig an Choimisiúin um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil chun a áirithiú go raibh bearta iomchuí i bhfeidhm do bhaill den fhoireann a bhíonn i láthair go fisiciúil chun feidhmeanna riachtanacha a dhéanamh maidir le leanúnachas gnó;

79. á chur in iúl gur mór aici go gcomhordaíonn SEGS a cuid iarrachtaí le gníomhaíochtaí chun calaois a chosc agus calaois a chomhrac le hArd-Stiúrthóireachtaí uile RELEX agus tríd an bhformáid thiomnaithe arna léiriú ag straitéis frithchalaoise an Choimisiúin faoi OLAF i ról ceannasach; á chur in iúl go dtuigeann sí go raibh straitéis frithchalaoise SEGS fós á dréachtú in 2020;

80. á chur in iúl gur díol sásaimh di tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas an 31 Eanáir 2020, gur bhunaigh SEGS ar deireadh thiar toscaireacht AE i Londain agus Rannán na Ríochta Aontaithe laistigh dá struchtúr Ceanncheathrún; á chur in iúl gur oth léi, áfach, an mhoill maidir le stádas taidhleoireachta a dheonú d'fhoireann na Parlaiminte atá ag obair ag an Oifig Idirchaidrimh i Londain, agus gur dhiúltaigh SEGS i dtús báire an tsaincheist sin a thabhairt chun críche go sásúil; á chur in iúl go dtuigeann sí go dtógann an Comhaontú Bunaíochta ionad aon fhorálacha sealadacha agus go n-áirithítear leis go dteachtann an toscaireacht i Londain, a baill foirne agus maoine, pribhléidí agus díolúintí atá coibhéiseach leo siúd dá dtagraítear i gCoinbhinsiún Vín ar an mbealach céanna leis an 144 thoscaireacht agus oifigí eile; á chur in iúl gur oth léi gur chaibidil SEGS an dréacht-chomhaontú bunaíochta le húdaráis na Ríochta Aontaithe gan dul i gcomhairle leis an bParlaimint; á chur i bhfáth maidir le nuashonruithe rialta a sheoladh chuig an bParlaimint seachas dul i gcomhairle go cuí leis an bParlaimint, nach gcomhlíontar oibleagáid SEGS maidir le "tacaíocht agus comhar iomchuí" mar a leagtar síos in Airteagal 3(4) den Chinneadh lena mbunaítear SEGS; ag tabhairt dá haire gur líonadh beagnach 40 post (lena n-áirítear foireann easaoránach agus áitiúil) as na 43 phost a bhí ar fáil san iomlán faoi dheireadh 2020; á chur in iúl gurb eol di go bhfuil an Toscaireacht lonnaithe san fhoirgneamh, maoin de chuid an Aontais, a bhí in úsáid roimhe seo ag Ionadaíocht an Choimisiúin agus ag Oifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa (EPLO);

81. á chur in iúl gur geal léi an comhar idir SEGS agus Parlaimint na hEorpa in 2020 chun nuashonrú rathúil a dhéanamh ar "Socrú praiticiúil chun tuarascálacha polaitiúla sonracha ó Thoscaireachtaí AE a roinnt le Feisirí ainmnithe de Pharlaimint na hEorpa", lena lamhálfar do dhoiciméid a tharchur go leictreonach;

82. á chur in iúl gurb oth léi go raibh sceitheadh leis an bpreas roimhe seo i dtaobh tuarascálacha rúnda maidir le misin bhreathnóireachta toghcháin agus gur díol sásaimh di na réitigh a d'aimsigh an Pharlaimint agus SEGS maidir le comhaid a tharchur; á chur in iúl go gcreideann sí go n-éascóidh SEGS malartú rialta tuairimí idir na Príomhbhreathnóirí agus na Leas-Phríomhbhreathnóirí agus na Feisirí, roimh mhisean breathnóireachta toghcháin, lena linn agus ina dhiaidh;

83. á chur in iúl gur geal léi gur chuir SEGS comhaontú ar leibhéal seirbhíse (SLA) i gcrích in 2020 leis an mBanc Eorpach Infheistíochta maidir lena bhaill foirne a chomhshuí laistigh d'áitreabh na dtoscaireachtaí ar fud an domhain; á chur in iúl gurb eol di go ndearnadh tuilleadh SLAnna a chaibidil in 2020, leis an mBanc Ceannais Eorpach agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) araon chun spás oifige agus seirbhísí gaolmhara a chomhroinnt;

84. ag moladh an chomhordaithe dhéin agus na malartuithe diana a bhí ar bun le linn phaindéim COVID-19 le ranna acmhainní daonna Aireachtaí Gnóthaí Eachtracha na mBallstát agus na Náisiún Aontaithe, chun tuairimí agus deachleachtais a chomhroinnt maidir le socruithe speisialta oibre, agus ag moladh freisin rannpháirtíocht SEGS i gcruinnithe idirinstitiúideacha seachtainiúla ina ndearna institiúidí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais a mbearta a nuashonrú agus na cleachtais a cuireadh chun feidhme mar thoradh ar phaindéim COVID-19 a chomhroinnt;

Paindéim COVID-19

85. á chur in iúl go dtuigeann sí go raibh paindéim COVID-19 ina siocair le staid speisialta a chruthú do SEGS ina iomláine agus go raibh tionchar mór ag an bpaindéim ar oibríochtaí a Cheanncheathrún agus a thoscaireachtaí; á chur i bhfáth go raibh SEGS in ann leanúnachas gnó agus bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú maidir lena chuid oibríochtaí agus nár tháinig aon saincheist shuntasach chun cinn le linn na tréimhse áirithe sin; á chur in iúl gur geal léi go ndearna SEGS Foireann Lárnach Géarchéime (CCT) a chur ar bun go luath i mí an Mhárta 2020, a mbeidh sé de chúram uirthi measúnú a dhéanamh ar na forbairtí is déanaí, ar chumarsáid agus ar ghníomhaíochtaí a chomhordú, agus ar thacaíocht a thabhairt do na toscaireachtaí; á thabhairt chun suntais go raibh CCT ríthábhachtach chun an ghéarchéim a bhainistiú go héifeachtach;

86. ag tabhairt dá haire, chun bearta COVID-19 a ghlacadh, go raibh SEGS ailínithe den chuid is mó leis an treoir oifigiúil ón mBeilg i gcás a Cheanncheathrún, agus gur tugadh treoir do na toscaireachtaí cloí le rialacha infheidhme na dtíortha óstacha, ach gur lean siad freisin cleachtas na Ceanncheathrún maidir le teilea-oibriú ginearálaithe san áit fostaíochta, in éineacht le láithreacht fhisiciúil laghdaithe sna háitribh;

87. ag tacú leis na bearta breise a cuireadh i bhfeidhm i roinnt tíortha chun na rioscaí leighis a bhaineann le baill foirne a laghdú toisc gur measadh go raibh na córais cúraim sláinte sin leochaileach; á thabhairt chun suntais gur sheol SEGS vacsaíní chuig an 72 thoscaireacht a d'iarr tacaíocht, a cuireadh ar fáil do thart ar 4 000 duine, lena n-áirítear baill foirne easaoránacha sna toscaireachtaí, a dteaghlaigh agus do ghníomhairí áitiúla; á chur i bhfios gur cuireadh ríomhaire glúine corparáideach ar fáil do na baill foirne uile sa Cheanncheathrú agus gur seoladh os cionn 5 000

díobh chuig na toscaireachtaí, in éineacht le TCP agus soláthairtí leighis dóibh siúd is mó a bhí neamhchosanta, in ainneoin an tseachadta dhúshlánaigh i dtíortha ina raibh bearta coraintín nó glasála; á aithint go ndearnadh an bonneagar TF a mhéadú go mear chun freastal do na riachtanais a bhain le teilea-oibriú ar lánscála, lena n-áirítear acmhainneacht an idirlín agus an acmhainneacht físchomhdhála a mhéadú;

88. ag tabhairt dá haire go ndearnadh nochtadh ar leochaileachtaí straitéiseacha agus córasacha an Aontais le ráig phaindéimeach COVID-19, amhail slabhraí soláthair nó táirgí cógaisíochta, agus gur tarraingíodh aird léi ar an ngá atá ann don Aontas neartú a dhéanamh ar a athléimneacht agus a neamhspleáchas féin, agus saothrú a dhéanamh ar comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta níos teanntásaí ag an am céanna; ag aithint gur chuir an phaindéim dlús breise leis na próisis leanúnacha freisin, ní hamháin i dtreo na n-aistrithe digiteacha agus glasa dúbailte, ach ar an leibhéal domhanda freisin, amhail Comhpháirtíocht AE-an Afraic a bhogadh go dtí an chéad leibhéal eile, an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe a athbheochan, agus aird bhreise á tabhairt ar Mheiriceá Laidineach, agus an dearcadh straitéiseach ar an tSín a chur i bhfeidhm;

89. ag tréaslú le SEGS as an ról ríthábhachtach atá aici sa phríomhghníomhaíocht éigeandála chun breis agus 600 000 saoránach de chuid an Aontais atá sáinnithe ar fud an domhain a aisdúichiú, agus ag cabhrú freisin leis an oibríocht dhaonnúil agus cúnaimh ar mhórscála "Foireann na hEorpa" a chur ar bun chun cabhrú le comhpháirtithe ar fud an domhain a bhí ag comhrac i gcoinne na paindéime lena bhfad níos lú acmhainní ná mar a bhí ag an Aontas; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh corradh le EUR 38 billiún i dtacaíocht do thíortha comhpháirtíochta a shlógadh leis an tionscnamh "Foireann na hEorpa" le hos cionn 50 % de na cistí eisíoctha in 2020, trína iarraidh ar na cláir chomhair uile atá cheana ann a bheith rannpháirteach agus trí acmhainní airgeadais atá cheana ann a atreorú; ag cur béim ar an bhfíoras gur rannchuidigh sí le haghaidh a thabhairt ar na géar-riachtanais arbh í an ghéarchéim ba siocair leo trí fhreagairt dhaonnúil éigeandála, trí thacú le neartú na gcóras sláinte agus na gcumas taighde, agus trí aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí socheacnamaíocha phaindéim COVID-19;

90. ag moladh "Foireann na hEorpa" as rannchuidiú EUR 850 000 000 a dhéanamh le COVAX, tionscnamh vacsaíne domhanda; á chur i bhfáth gur bhain an tAontas leas as a chumhacht chomórtha chun cistiú agus gealltanais a dhaingniú ar fud an domhain i gcomhair rochtain ar chosc, ar thástálacha diagnóise agus ar chóireáil i gcoinne COVID-19, lena n-áirítear tríd an gComhdháil Gealltanais maidir leis an bhFreagairt Dhomhanda ar an gCoróinvíreas, agus go ndearna sé EUR 1,4 billiún a ghealladh don cholún freagartha COVID-19 sin i bhfoirm deontas agus ráthaíochtaí;

91. ag tacú le cur chuige SEGS i leith freagairt theanntásach agus chuimsitheach a iarraidh mar phríomhuirlis chun cabhrú le téarnamh ó ghéarchéim dhomhain gheopholaitiúil agus chun "forbairt ar bhealach níos fearr" sa bhaile agus ar fud an domhain; ag moladh do SEGS an chiall a ceannaíodh ó ráig na paindéime ó thaobh leanúnachas gnó agus bainistiú géarchéime, freagrúlacht TF, athléimneacht an eagrúcháin, dualgas cúraim i leith na foirne, éifeachtacht na cumarsáide inmheánaí agus sholúbthacht na bpróiseas oibre de a chomhtháthú go hiomlán sa straitéis inmheánach bainistíochta.